

Lá

2006

BARR-50 TOP 50 BUSINESS
GNÓ LE GAEILGE AS GAEILGE

ÓSTÁN NA gCEITHRE SÉASÚR FOUR SEASONS HOTEL
BAILE ÁTHA CLIATH DUBLIN
9 METTHEAMH 2006 9 JUNE 2006



A new energy for your business

Make **the smart move** today

Fuinneamh úr do ghnó

Déan **an rud ciste** inniu

enErgia

A member of the Viridian Group
Energia Baill de Ghrúpa Viridian
www.energia.ie

As Ireland's leading independent energy supplier, Energia are able to offer you savings of up to 10% on your business electricity bill.

To find out how much you can save, locall 1850 363 744 from ROI,
9068 5905 from NI or email info@energia.ie

Cuireann Energia réiteach ar fáil atá i dtíuin le do riachtanais fhuinnimh. Is féidir le Energia, soláthraí ceannródaloch fuinnimh na hÉireann, suas le 10% a shábháilt duit ar do bhille aibhléise gnó.

Lena fháil amach cé mhéad is féidir leat a shábháilt, glaoigh ar locall 1850 363 744 ó Phoblacht na hÉireann, 9068 5905 ó Thuaisceart Éireann nó cuir ríomhphost chuig info@energia.ie

VIRIDIAN

MAIRTIN Ó MUIILLEOIR, LÁ

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Ghaeilge ar fud na hÉireann le blianta beaga anuas. Comhartha ar an dul chun cinn sin an borrhadh atá faoin Ghaeilge san earnáil ghnó, áit a bhfuil an Ghaeilge á huiséid go forleathan agus áit fosta ina dtuigean fiontraithe na buntáiste margaochta a bhaineann leis an teanga. Tá fáthairghe fiontraíochta sa tír seo a bhfuil an Ghaeilge mar chuid dá DNA gnó — agus tugaimid aitheantas do chuid acu sin leis an Bharr 50. Is eiseamhláir iontach gach duine acu don ghlúin óg atá ag smaoineamh ar ghnó dá gcuid féin a bhunú.

Fosta, tá na comhlachtaí fadhbhuainithe Gaeilge again agus molaimid a n-iarrachtaí sa liosta seo. Le cois ar an ghníomhaíocht sin uile tá anois inár measc cuid de na comhlachtaí is mó gradaim agus is rachmasaí ar domhan agus iad ag soláthar seirbhísí Gaeilge.

Tá an tír seo athraithe as éadan ag an aos fiontraíochta le 15 bliain anuas. Táthar anois ag athrú agus ag ciintíodh todhchaí na teanga agus á ceangal leis an dul chun cinn eacnamaíoch thart orainn. Obair fhiúntach inmholtá sin a dtugtar aitheantas dó sa Bharr 50.

Entrepreneurs have the potential to change the world. They've certainly changed Ireland over the past 15 years. And by embracing the Irish language — making it part of their business DNA — they're guaranteeing the future of An Ghaeilge. Those giants of the Irish business world who identify strongly with the Irish language are wonderful role models for our young entrepreneurs: they are pioneers of a new Ireland who remain grounded and confident in their Irish identity and heritage. We honour them in the Lá Top 50 Business as Gaeilge.

Similarly, those businesses which operate through Irish are forging a path into the future for a modern, IT-literate language which can truly become a working language of the EU. We salute their efforts too. Complementing the mix are those giants of the high street and multinational behemoths who provide services in Irish or use Irish in their marketing.

Lá, the only daily newspaper in a Celtic language, draws its inspiration from these business champions and is proud to be the driving force — with our partners in Foras na Gaeilge, Viridian, the Marketing Institute, RTÉ and the National Lottery — in this inaugural Top 50.



GEARÓID TRIMBLE, FORAS NA GAEILGE

D eis iontach atá sa Bharr 50 chun aitheantas agus gradaim a bhronnadh ar comhlachtaí rathúla sa mhargadh a bhfuil ag éirí leo ar bhonn tráchtála, agus a úsáideann an Ghaeilge mar urlis mhargaíochta, chumarsáide agus ghnó. Is mian le Foras na Gaeilge cabhrú le comhlachtaí leas a bhaint as an iliomad buntáistí iomaíche a bhronnann an Ghaeilge ar an ghnó — tá ciall gnó leis.

The Top 50 Business as Gaeilge awards are a wonderful opportunity to give due recognition to ambitious companies in the marketplace which are succeeding commercially while using the Irish language as a marketing, communications and business tool. Foras na Gaeilge wants to help companies use all the competitive advantages that the Irish language gives them to drive forward their business — that makes business sense.

ROBIN GREER, VIRIDIAN

T á Grúpa Viridian tar éis ról ceannródaíoch a imirt i gcur chun cinn an mhargaídh leictreachais uile-oileánda in Éirinn. San áireamh sa ghrúpa, tá Northern Ireland Electricity (NIE), an soláthraí iomaíoch margaídh, Energia, Stáisiún Cumhactha Huntstown agus Seirbhísí Leictreacha Powerteam. Tá geag iomafoch mhiondúil margaídh Viridian, Energia, ar na príomh-sholáthraithe leictreachais do mhargai Éireannacha. Sciar 22 faoin chéad den mhargadh atá ag Energia i margadh gnó an leictreachais, ar bhonn uile-oileánda. Faigheann sé leictreachas mórdhíola ó roinnt foinsí, ina measc, stáisiún cumhactha Viridian, Huntstown, i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, soláthraíonn Viridian méid suntasach leictreachais a ghintear ó acmhainní inathnuaithe agus táthar i ndiaidh tosú ar ghás a sholáthar do roinnt teoranta custaiméiri. Ba é Huntstown an chéad ghineadóir neamhspleách i bPoblacht na hÉireann; agus is acmhainín dó thart fá 10 faoin chéad de riachtanais leictreachais Phoblacht na hÉireann a sholáthar. Nuair a bheas dara céim ghníúna Huntstown criochnaithé, i 2007, meastar, beidh ionmán €500 milliún d'infheistíocht déanta ag Viridian i bPoblacht na hÉireann.

For Viridian Group working across and throughout the island of Ireland is just the modern commonsense way of doing things. There is massive economic potential here that will be released through the economies of scale that will come with co-operation and open markets across borders and cultures. The keys to unlocking that potential are our entrepreneurs and innovators. Their inspiration and ideas are the bright sparks that power the economic growth necessary to achieve social development and prosperity for all the people of this island. Viridian Group — Northern Ireland Electricity (NIE), Competitive market supplier Energia, Huntstown Power Station and Powerteam Electrical services — has played a leading role in promotion of the all-island electricity market in Ireland. Viridian's competitive market retail arm Energia is a leading supplier of electricity to Irish markets. Energia has a 22 per cent market share in the business electricity market on an all-island basis. It obtains wholesale electricity from a number of sources including Viridian's Huntstown power station north of Dublin. Energia is also a significant supplier of electricity generated from renewable resources and has started supplying gas to a limited number of customers. Huntstown was the first independent generator in the Republic of Ireland; and is capable of supplying around 10 per cent of the Republic of Ireland's electricity needs. A second phase of generation at Huntstown, due for completion in 2007, will bring Viridian's investment in the Republic of Ireland to €500 million.



Editors/Eagarthóirí: Máirtín Ó Muilleoir, Concubhar Ó Liatháin **Reporters/Tuairisceoirí:** Francesca Ryan, Kate Cooper, Áine Toner, Colm Ó Broin, Tonaí Ó Conghail, Dónal Mac Giolla Chóill **Sub-editing/Fo-eagarthóirí:** Áine Nic Gearailt, Philip Cummings **Photography/Grianghraif:** John Kelly, Aengus McMahon, Photocall Ireland **Design/Dearadh:** Adrian Hanna, Scott Silver, Clem Bradley, Daily Ireland; Front cover/Clúdach Tosaigh: Gerry Morrison **Advertising/Fógraiocht:** Michelle Clarke (michelle.clarke@irelandclick.com)

Arna fhoilsíú ag/Published by Lá and the Andersonstown News Group (048) 9060 8822 j.odonnell@dailyireland.com **Copies of the magazine are available in pdf downloadable format at** www.nuacht.com/Is féidir cóipeanna den iris a ioslódáil ag www.nuacht.com. For additional print copies/Tuilleadh cóipeanna: Connla Lawlor on (048) 9061 1916 c.lawlor@dailyireland.com. Tuilleadh eolais/More information: www.irelandclick.com/top50gaeilge.



Mary O'Malley

Is dlíodóir ó Bhaile Átha Cliath í Mary O'Malley atá mar pháirtneoir le Russell and O'Malley Solicitors i Maigh Cuilinn, Contae na Gaillimhe. D'oscail sí oifig nua lena comhghleacáí, Siobhán Russell, i 2004 agus soláthraíonn siad seirbhísí dlí don phobal sa cheantar, is iad ag plé le hidirbhearta maoine, Dilí Teaghlach, Dilí Fostaíochta, Uachtanna agus Probháid, agus Dilíthiocht. D'fhoghlaim Mary a cuid Gaeilge ar scoil agus óna seanathair, a tháinig ón Mhám i gConamara agus tapaíonn sí gach deis an teanga a úsáid lena cuid client.

Freastalaíonn sí ar chainteoirí Gaeilge i Maigh Cuilinn agus i gceantair eile de Chonamara, ina measc oibrithé de chuid TG4. Is as Inis Mór d'fháiltóir an chleachtais, Catherine Ní Dhioráin, agus labhraíonn sí Gaeilge go rialta le daoine a thagann chun na hoifige.

Measann Mary go dtugann an Ghaeilge buntáiste di ar a cuid iomaitheoirí toisc gur áis díolachán í a mheallann daoine atá ag iarraidh a ngnó a dhéanamh trí Gaeilge.

Mary O'Malley is a Dublin solicitor who is a partner with Russell and O'Malley Solicitors in Maigh Cuilinn in Galway.

Along with her partner in the practice, Siobhán Russell, she opened a new office in 2004 and they provide a range of services to people in the area, including property transactions, Family Law, Wills and Probate, Employment Law and Litigation.

Mary learnt Irish in school and from her grandfather who came from Crois Mám in Conamara, and she uses the language with her clients at every opportunity.

She serves Irish speakers in Maigh Cuilinn and other parts of Conamara, including employees of TG4.

The practice's receptionist, Catherine Ní Dhioráin, is from Inis Mór and she regularly speaks Irish to people who visit the office.

Mary considers Irish an advantage she has over competitors as it gives her a selling point that attracts people who want to do their business in Irish.

Ciarán Ó Feinneadhá

Is comhairleoir cánach gnó é Ciarán Ó Feinneadhá (47) a d'fhoghlaim a cheird ar an taobh eile den chuntar san ofig cánach, 25 bliain ó shin. Inniu, bíonn sé ag tabhairt comhairle dó chuid client ar an dóigh is éifeachtaí le cúrsáid cánach a phleanáil agus a chur in ord. Ach is fada aithne air as siocair an tseasainm a ghlaic sé chun tabhairt ar na húdarás seirbhís Gaeilge a chur ar fáil don iocóir cánach. "Déanaim mo dhícheall seirbhís iomlán a thabhairt do mo chuid client go leictreonach," ar seisean, "agus bhí áthas orm nuair a bagraíodh, cúpla bliain ó shin, deireadh a chur leis an tseirbhís Gaeilge ar líne, gur tarraingfodh siar an moladhl nuair a thionscain muid cás cúirte."

Tá Ciarán pósta ar Mháire Ní Choileáin agus tá ceathrar páistí acu. Is fada Ciarán ag saothrú ar son na Gaeilge ina cheantar dúchais i mBaile Phámar agus i Leamhcán ach is mó aithne atá air mar thráchteaire ar chúrsáid eacnamaíocha agus cánach, lá an cháináisnéise, ar TG4 agus Raidió na Gaeltachta.

CIARÁN Ó FEINNEADHÁ (47) who hails from Palmerstown in west Dublin is a professional tax adviser best known for his regular budget day appearances on TG4 and Raidió na Gaeltachta.

After starting out in the Tax Office, Ciarán switched sides 25 years ago to set up a practice representing a client base of small businesses seeking advice on efficient tax planning.

As a keen user of the Revenue Commissioners' official website, Ciarán is committed to doing as much as possible of his business electronically.

Four years ago, the Commissioners threatened to remove their e-service as Gaeilge but the plan was scrapped when Ciarán launched a High Court challenge. Ciarán, was recently honoured by Minister Éamon Ó Cuív for his key role as chairman of the founding committee for the new Eiscir Riada Gaelscoil in Lucan.



Raidió na Life

Bunaíodh Raidió na Life i 1993 chun seirbhís raidió i nGaeilge a sholáthar do mhuintir Bhaile Átha Cliath. Is stáisiún pobail é Raidió na Life agus tá os cionn 13,000 éisteoir aige sa chathair agus sa cheantar máguaird. Craoltar réimse leathan clár i rith na seachtaíne agus tá sé ar fáil beo ar an idirlion freisin. Tá os cionn 70 duine ag obair go deonach leis an stáisiún, agus faigheann na daóine seo taithí ar gach taobh den ghnó, idir láithriú, stiúradh, léiriú agus ar chúrsá teicniúla.

Tá triúr fostaithe go lánamhseartha, inmealtóir fuaime, taighdeoir agus an bainisteoir nuacheaptha, Maebh Ní Fhallúin (ar clé).

Tá comhlacht fuaime ag an stáisiún freisin, Stiúideo na Life Teo, le fostai lánamhseartha amháin, lonnaíonn sa cheanncheathrú i gCearnóg Muirfean.

Cuireann an comhlacht áis ghairmiúil taifeadta ceoil is fógraí mar aon an guthú don earnáil phríobháideach agus d'eagraiochtaí poiblí, ar nós An Leabharlann Náisiúnta.

Raidió na Life was founded in 1993 to provide an Irish language radio service for the people of Dublin. It is a community station and has over 13,000 listeners in the city and surrounding area.

A wide range of programmes is broadcast every week and it is available live on the internet as well. Over 70 volunteers work with the station, as well as three full time staff, a sound engineer, a researcher and the newly appointed station manager, Maebh Ni Fhallúin (left). Raidió na Life also has a sound company, Stiúideo na Life, based in its Merrion Square headquarters.

The company provides a professional facility for recordings of music, advertising and voice-overs for the private sector and for public organisations, such as the National Library.

Gaelport.com
do shaol ar líne

Cad a bhíonn ar fáil ar www.gaelport.com?

- Nuachtáit leictreonach
- Ailt ó na Nuachtán Náisiúnta gach lá
- Eolas cuimsitheach faoin Acht Teangeolaíochta
- Féilire na Gaeilge
- Eolas maidir le Teicneolaíocht & an Ghaeilge
- Micreashnuiomh na nEagraiochta Deonacha Gaeilge
- Tuarascáilacha & Taighde na Comhdhála
- Fotha SAS (RSS Feed)
- Eolaire na Gaeilge
- Fáinne le diol

Register now
for your bilingual
version of the Irish
Language Ezine
Eolas@Gaelport.com

gaelport.com

Craoltach Náisiúnta na Gaeilge, 46 Sáid Chilli Dars,
Belle Átha Cliath 2 | +353 01 6794780
www.gaelport.com | eolas@gaelport.com

An tionscal Peileach, Íomhaíochtaí, Dúnmhúinteoirí, Comhordaitheachais agus Comhordáil

fiontraí

Clár ard-oiliúna d'fiontraíte le Gaeilge

- An bhfuil tú ag leibhéal sinsearach i ugno?
- An féintoisitheoir tú?
- Ar mhairt leat deis nua gnó a forbairt?
- Ar mhairt leat do chomhlacht a neartú?
- Ar mhairt leat comhairle agus treoir a fháil?
- Ar mhairt leat gearrchúrsa in ollscoil gnó?

Clár fionraíte le Gaeilge ó anfí tilil 2006 go in i mbhean Fómhair 2007 a chuirteas ar fáil - cilltear d'aoisgháileadh, saorleas meanniseachta, chairteanna gnó, cás stáidiúil, oiliúintí líne, agus teacmháthair bainte ar do rachtanais fén ní ar do gnó.

Tá pacá eolais ar fáil ó:

Eamon Mac Cuimhneagáin,
Fiontraíte le Gaeilge, WESTBIC, Cill Chainnigh, Co. Dhún na nGall.
074 9736033 ní Eamon@fiontraí.ie

Jake Mac Siocais, Fiontraíte le Gaeilge, Forbairt Feirste,
190 Bóthar na hInse, Béal Feirste, BT12 6FB
028 90 438 597 ní Jake@fiontraí.ie

This project is funded by the EU INTERREG IIIA Programme. Interreg IIIA Partnership (IKA)



Cló Iar-Chonnachta

Bhunaigh an scríbhneoir aitheanta, Micheál Ó Conghaile, Cló Iar-Chonnachta (CIC) i 1985, agus é ina mhac léinn 23 bliain d'aois. Ó shin i leith, tá suas le 300 leabhar agus os cionn 150 albam ceoil curtha amach ag an gcomhlacht.

Tá siad ar an chomhlacht príobháideach foilsitheoirreachta Gaeilge is mó sa tir, agus ceathair fostaithe go lánaimseartha ina n-oifigi in Indreabhán, Conamara.

An aidhm atá acu spreagadh, tacáiocht agus ardán náisiúnta a thabhairt do cheoltóirí agus do scríbhneoirí Gaelacha.

Foilsíonn agus díolann CIC cnuasaigh filíochta, ghearrscéalta

agus amhrán, úrscéalta, leabhair do dhéagóirí, leabhair do pháistí, tráchtas taighde agus leabhair staire agus le blianta beaga anuas, tá an comhlacht ag cur béime ar scribhneoirí nua.

I measc na hoibre atá foilsithe acu, tá saothar de chuid Gabriel Rosenstock, Louis de Paor, Joe Steve Ó Neachtain agus Cathal Searcagh.

Ó thaobh ceoil de, foilsíonn CIC dlúthdhioscaí sean-nóis, ceol traidisiúnta, ceol Cajun, gaelcheol téire agus ceol Cape Breton.

Cló Iar-Chonnachta (CIC) was founded in 1985 by the writer, Micheál Ó Conghaile, while he was a 23 year-old student, and since

then have published over 300 books and 150 music albums.

Cló Iar-Chonnachta are the largest private Irish language publishing company in Ireland and they employ four people full-time in their offices in Indreabhán, Conamara.

The aim of the company is to inspire and support new Irish language writers and musicians and to give them a national platform.

CIC publishes anthologies of poetry, short stories and songs, novels, teenage fiction, children's books, theses and history books and they have been focusing on promoting new writers in recent years.

Enda O'Coineen

Is duine de cheannródaithe fiontraíochta na hÉireann ar mhór-roinns na hEorpa é Enda O'Coineen agus é ag treabhadh leis ar an iliomad scéim faoi choimirce na feithile infheistíochta, Kilcullen Kapital Partners.

Ach tá oiread aithne air mar luamhaire — a rinne an turas aonair idir Meiriceá is Éire ceithre huaire — is atá d'aithne air mar fiontráí agus rinne sé cur síos spleodrach ar an "dá Enda" sin ina leabhar beathásnéise, "The Unsinkable Entrepreneur".

Bhí sé ar na céad Éireannaigh a rinne infheistíú i bPoblacht úr na Seice, áit ar thóg sé comhlacht teileachumarsáide.

Ar na mallaibh, tugadh le fios go raibh an comhlacht airgeadais as Baile Átha Cliath, Simply Mortgages, le ciste sealúchais a bhunú i bPoblacht na Seice i gcomhar leis an Ghaillimheach. Ach nil críoch lena eachtraí go fóill: le déanaí, tuiriscíodh go bhfuil sé ag beartú comhlacht déanta eitleán a cheannach.

Tá iomrá na Gaeilge air forsta. D'athraigh sé a ainm ón leagan Béarla, Rabitte, go dtí an leagan dúchasach.

Enda O'Coineen is one of the new breed of Ireland's Wild Geese. He was among the first Irish entrepreneurs into the fledgling Czech Republic where he made several million euro in a telecoms start-up. However, it's as author of the classic memoir, "The Unsinkable Entrepreneur", and as a skilled yachtsman who has made the single-handed journey from the US to Ireland four times, that he's best known by the general public. After his telecoms success, he immersed himself in the banking sector in the post-communist Czech Republic. More recently, he has invested in the expansion into the Czech Republic by Simply Mortgages which has set up a commercial property fund to exploit the growing economy.

And there have even been reports that his next move will be to buy an aircraft manufacturer in the central European country!

an ceathrú ghaeltachta

Brí úr ag borradh

*Seo chugainn
an Béal Feirste Nua*



Urraithe ag
Foras na Gaeilge



Tuilleadh eolais - Forbairt Feirste 199 Bóthar na bhFál, BT12 6FD
Tl: (028) 90438597 E: info@forbairtfeirste.com



Microsoft

Baineadh amach clochmhile shuntasach i bhforbairt na Gaeilge mar theanga ghnó agus phobail le sealadh leaganacha de Windows XP agus Microsoft Office 2003 i dteanga dúchais na tíre.

Oibríthe de chuid Microsoft san Ionad Eorpach um Fhorbairt Táirgí, in Áth an Chainimh, Baile Átha Cliath, a tháinig chun tosaigh leis an smaoineamh agus fuair siad lántacafocht ón chomhlacht mar chuid dá pholasáid domhanda teicneolaíochta a chur ar fáil i dtéangacha áitiúla.

Forbraíodh an togra i gcomhar le Foras na Gaeilge agus fuarthas cuidiú ó EG Teo, eTeams, OCBÁC agus OÉ Maigh Nuad chomh maith.

De réir Microsoft, bhí níos mó ionchuir ag an phobal san fhorbairt seo ná in aon togra teanga de chuid an chomhlachta tímeall na cruinne.

Mar cheiliúradh ar Lá Fhéile Pádraig i mbliana, sheol Microsoft cóip den bhogearra amach chuig gach scoil sa Phoblacht.

D'fhorbair siad leagan Gaeilge de MSN Search anraidh freisin.

A significant milestone in the development of Irish as a business and community language was reached last year with the launching of versions of Windows XP and Microsoft Office 2003 in the country's native language.

Microsoft employees from the European

Product Development Centre in Sandyford, Dublin, came up with the idea and they got full support from the company as part of its global policy of making technology available in local languages.

The project was developed in conjunction with Foras na Gaeilge and they also received help from EG Teo, eTeams , DCU and NUI Maynooth.

According to Microsoft, the development had more community input than any other language project undertaken by the company throughout the world.

As a celebration of St Patrick's Day this year, the company sent a copy of the software to every school in the Republic.

Gaillimh le Gaeilge

Bunaíodh Gaillimh le Gaeilge i 1987 chun an Ghaeilge a laidriú, go háirithe mar acmhainn mhargaíochta, i limistéar na Gaillimhe. Oibrionn an eagraiocht i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Cumann Tráchtála na Gaillimhe agus grúpaí eile nach iad chun fomhá Ghaeilge na cathrach a phorbairt agus chun cathair na Gaillimhe a chur chun cinn mar Phríomhchathair Dhátheangach na hÉireann.

Cuireann siad comhairle agus tacaíocht phraictiúil ar fáil do chomhlachtaí atá ag iarráidh an Ghaeilge a úsáid ina ngnó, go háirithe mar uirlis mhargaíochta.

Deir Caitlín Nic an Ultaigh (ar dheis), cathoirleach leis an eagraiocht, go bhfuil meon lucht gnó na cathrach i leith na teanga feabhsaithe go mór le blianta beaga anuas agus go mbíonn siad an-

sásta an Ghaeilge a úsáid. Tá scéim 'Cairde' acu freisin a bhailíonn le chéile gnónára mian leo a bheith páirteach in obair Gaillimh le Gaeilge.

Gaillimh le Gaeilge was founded in 1987 to strengthen the Irish language, especially as a marketing resource, in Galway City and County.

The organisation works with Galway City Council, Galway Chamber of Commerce and other groups to develop the city's Irish language image and to promote the city as the Bilingual Capital of Ireland. Chairperson Caitlín Nic an Ultaigh (right) says that the city business community's attitude to the language has improved greatly in recent years and that they are very happy to use Irish.

They have a 'Friends' scheme that brings together businesses that wish to take part in the group's work.



Telegael

Cén t-aitheantas eile atá de dhíth ar Telegael, an comhlacht léirithe agus iar-léirithe teilifíse ón Ghaeltacht? Dhá bhliain ó shin, bhain an comhlacht, atá lonnaithe ar an Spidéal i gConamara, duais Emmy as ucht an chartúin, *Tutenstein*, ach tá níos mó aithne orthu ar fud na hÉireann de bharr na leaganacha Gaeilge de chartúin ar nós *Dora*, *Spongebob Squarepants* agus *Scéalta an Dragúin*, a bhíonn á gcaraoladh ar TG4.

Baineann páistí - agus tuismitheoirí freisin - sult as na cartúin seo a bhaineann feidhm as guthanna aisteoirí óga le Gaeilge. Go deimhin, is mó páistí anois a shíleann nach labhraíonn Spongebob Squarepants ach i nGaeilge bhinn bhlasta Bikini Bottom!

Tá réimse fairsing clár á léiriú agus á iar-léiriú san fhoirgneamh ar an Bhaile Árd i gconaí agus foireann chumasach ag obair ann.

Ach is é an príomhrud a thugtar faoi deara nuaire a théann tú ar cuairt go dtí an ceannaras an t-atmaisféar ar leith atá ann mar thoradh ar an phósadh idir an Ghaeilge agus an teicneolaiocht fise is nua-aimseartha.

"Ar éigean a thugamid faoi ndeara gur i nGaeilge atáimid ag obair nó is rud nádlúrtha dúinn é bheith ag labhairt agus ag obair trí mheán na Gaeilge," a deir Pól Ó Coimín, príomhfeidhmeannach an chomhlachta (ar dheis in éineacht le Siobhán Ní Ghadhra ó Telegael agus a gcuid gradam Emmy).

So what's next for Telegael. The Conamara film-makers have already won an Emmy for the cartoon, *Tutenstein*, and their Irish language versions of popular children's programmes such as *Spongebob Squarepants* have made them superheroes to a generation of Irish speaking children.

Under CEO, Pól Ó Coimín, Telegael has successfully married the Irish language with the demands of high-tech media. "You almost wouldn't notice that we're working in Irish because it's so natural," he says.

Pól is pictured right with colleague Siobhán Ní Ghadhra showing off their Emmy awards.





Tá Gaillimh le Gaeilge ag obair le gnó agus an Ghaeilge i nGaillimh ó 1987 - an fóid írlana cabhrú leata!

Do choinfheile, tacailcacht phrácticíil, nó chun a bheith páisteach san obair, déan teagmháil linn in aithí.

Ag cur cathair na Gaillimhe chun cinn mar phiontomhchathair dhátheangeach na hÉireann

Promoting Galway as the bilingual capital of Ireland

Gaillimh le Gaeilge have been working with Business and an Ghaeilge in Galway since 1987 - can we help you?

For advice and practical support or to get involved in the work contact us today.

www.gleg.ie

Tá Gaillimh le Gaeilge ina moladh ag an Roinn Croíche i Poblacht na hÉireann agus Chéileachair, Comhaontae Chathair na Gaillimhe & Chumann Tícheolaíochta na Gaillimhe tríd an scóil Críde Cháiliún le Gaeilge.



Gradam
Shaoisearna Uí Ógartaigh





Bank of Ireland (Banc na hÉireann)

Tá de chliú ar Bhanc na hÉireann gurb é an banc is mó in Éirinn a dhéanann cúram de riachtanais an Ghaeilegeora. Ba é ar dtús a chuir seirbhís ATM i Gaeilge ar fáil don phobal thuaidh agus theas.

Arsa bainisteoir margaochta Bhanc na hÉireann Fergus O'Neill (ar clé): "Is rud luachmhar againn é tábhacht na Gaeilge sa saol gnó agus tá rún againn cur lenár seirbhísí sa réimse seo. Tá an aisfhreagra a fuair muid ar an tseirbhís san ATM ar fleabhas. Tá seicleabhair Ghaeilge againn fosta agus comharthaíocht dhátheangach i gcuid airithe dár mbrainsí."

Fergus O'Neill (left) is marketing manager for the personal banking team in the Bank of Ireland. He started in the company thanks to its graduate programme and has spent eight years ensuring that his customers receive the best possible service.

One means of achieving this is through the company's use of the Irish language.

"We are absolutely delighted to be receiving a Top 50 award," says Fergus. "We've always been concerned to meet the needs of all our customers.

"We value the importance of the Irish language within a business situation and the response we've received from the initiatives we have put in place means we will continue to do more to develop this field. The key initiative is that a huge number of our ATM machines throughout the whole of Ireland now have an Irish language option," explains Fergus.



Seán Mac Goill

Is é bunaiteoir an chleachtais ailtireachta, Mackel & Doherty é Seán Mac Goill, gnó a d'fhág a lorg ar dhul chun cinn na Gaeilge agus an phobail i mBéal Feirste le gluin anuas.

Mackel & Doherty a bhí ina n-ailtirí ar na forbairtí is tábhactaí i saol na Gaeilge i mbiala dúchais Sheáin, ina measc Coláiste Feirste, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh agus An Droichead.

I mBéal Feirste, tá an teanga ina bunchloch chultúrtha agus eacnamaioch ag an phobal Gaeilge. D'éirigh le Mackel & Doherty foirgnimh nua-aoiseacha a thabhairt chun beatha a fhraigheann a n-inspiráid i mbeocht agus neart an phobail sin. 14 atá ag obair sa chleachtas idTuaisceart Bhéal Feirste.

"Má thugteann an t-ailtire riachtanais an phobail, bíonn deis aige a bheith mar fhorgharda ag an phobal sin agus cruth fisiciúil a chur ar an fhís atá acu," arsa Seán.

Séan Mackel is a founding partner of the award-winning Belfast architectural practice, Mackel & Doherty which, more than any other body, has left its stamp on the physical appearance of the Irish language revival.

The practice has served as architects on most of the landmark Irish language schools, businesses and cultural projects in the North including Bunscoil Phobal Feirste, Tí Chualainn, An Nasc and Coláiste Feirste.

For the Irish language movement, cultural and economic development and the place of language are key cornerstones of their identity and ethos. "If the architect understands the needs of community, he or she has an opportunity to be at the vanguard of that community," said Séan.

FOLLÁIN

An dia gaelach
is Folláin le Fáil.



Folláin agus a gCuid Uisceanca, Cúil Aodha, Daghchormha, Co Chorcaí, Éire.
Guthán: 00 353 26 45288 | fáilte: 00 353 26 45573 | www.follain.ie | eomhl-phosc follain@circom.ie

Cumarsáid Creative

Cuireann Cumarsáid Creative seirbhísí fograíochta agus margaochta ar fáil i nGaeilge agus go dátheangach don earnáil phoiblí agus phriobháideach araoon. Bhunaigh Irene Ní Mhuireagán (ar dheis) an comhlacht, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, i 1995 agus i measc na hoibre a bhíonn ar siúl acu, tá scríbhneoir eacht chruithaitheach, dearadh grafach agus aistriúchán cruthaitheach.

Ceilíúfaidh an comhlacht a bheithlá 10 mbliana níos déanaí i mbliana agus ón am a bunaodh an comhlacht, tá obair déanta acu le haghaidh TG4, eircom, Roinn an Taoisigh, An Roinn Gnóthai Pobail, Tuaithé agus Gaeltachta, Foras na Gaeilge, Údarás na Gaeltachta, AIB agus eagraíochtaí stáit agus comhlacthaí eile.

Oibríonn Irene mar stiúrthóir lánaíseartha i gcomhar le seisear eile fostaithe go páirtaimseartha agus ar bhonn conartha.

Taitníonn sé le Irene go bhfuil sí in ann a gnó a dhéanamh i nGaeilge agus deir sí go gcuidíonn an teanga léi seasamh amach sa mhargadh agus go gcuireann sí dhá fhoinse gnó ar fáil di, eagraíochtaí agus comhlacthaí a oibríonn i nGaeilge agus cinn a oibríonn i mBéalach ach atá ag iarráidh an teanga a úsáid in a gcuid feachtas.

Cumarsáid Creative provides Irish and bilingual advertising and marketing services for the public and private sector.

The Dublin based company was founded by Irene Ní Mhuireagán (right) in 1995 and its work includes ad campaigns, graphic design and creative translation.

In celebration of its 10th year creating Irish language advertising, a selection of their most memorable TV ads can be reviewed on the company's website www.c-ceft.com. Since its foundation it has worked with TG4, eircom, Foras na Gaeilge, the department of An Taoiseach, Údarás na Gaeltachta, AIB Bank and other state bodies and private companies.

Irene works full-time as a director of the company in conjunction with a team of six others employed part-time and on a contract basis.

Irene likes the fact that she can work in Irish and says that the language helps her to stand out from the competition. Irish also gives her two sources of business, companies and groups that work through Irish and ones that work through English but want to use Irish in their campaigns.



Gairm

Is scátheagras é Gairm a fheidhmíonn thar cheann na ngrúpaí Gaeilge uilig a bhfuil baint acu le céasraí oiliúna. Lonnaithe i nDhoire, bionn Gairm ag reachtáil céasraí do dhaointe óga a chuaigh tríd an chórás Gaelscoláiochta sa Tuaisceart ach fosta bíonn Gairm ag stocaireacht leis na rialtaisí ar son na hearnála.

Is é aidhm Ghairm oiliúint a chur ar fáil i nGaeilge agus céasraí ollscoile tré mheán na Gaeilge a leathnú amach.

Ar an dóigh sin, tá súil ag Gairm go gcuirfear tuilleadh áiseanna fostáiochta ar fáil do dhaointe óga a bhfuil Gaeilge acu.

"Gan fostáiocht, gan fiontraíocht ní bheidh bláth ar an teanga Ghaeilge," arsa Gearóid Ó hEara.

Gairm is an umbrella organisation for Irish groups involved in vocational education and training. Based in Derry's pioneering Gaelárás and founded by Gearóid Ó hEara, Gairm provides

programmes through Irish while also lobbying both governments for additional resources.

Gairm's aim is to provide vocational and technical training through Irish as well as encouraging universities to offer more courses as Gaeilge. "Without employment, without entrepreneurship, the Irish language can't blossom," says Gearóid Ó hEara. "It's essential that teenagers leaving the Irish school system can go on to pursue vocational training in their native tongue."



Tús Úr

Ba í an bhean Ghaeltachta a bhfuil oifig anois aici i mbreac-Ghaeltacht Iarthar Bhéal Feirste, Sonia Nic Giolla Easbaig (thuas), a chraol an chéad scráith faoi charranna ar TG4, MPH. D'éirigh go geal leis an chlár lán luais, a fuair tacsafocht ó Chiste Craoltóireachta na Gaeilge sa Tuaisceart.

Anois tá rún ag Tús Úr céarsa oiliúna a thosú, i gcomhar le INTERREG, a bheas ag teagasc scileanna cumarsáide do Ghaeilgeoirí óga i mBéal Feirste agus i nDún na nGall.

I measc na scannán mórchláu a rinne Sonia Nic Giolla Easbaig, bhí *I gCillín an Bháis*, faoin stáilc ocras i gCampa na Ceise Fada.

Níl ach duine amháin i gcomhlacht Sonia, Tús Úr, faoi láthair, ach cuirtear le lón na bhfostaithe nuair a bhíonn clár a dhéanamh.

"Binn tú ag snámh in aghaidh easa go minic nuair a bhunaíonn tú gnó," arsa Sonia, "ach nuair a fhaigheann tú aitheantas ar nós an Bharr-50 Gnó le Gaeilge, is fiú do shaothar uilig é."

Sonia Nic Giolla Easbaig (above) of Tús Maith Productions in the Donegal Gaeltacht is the driving force behind TG4's new car-lovers programme, MPH.

A native of the Donegal Gaeltacht, she has pioneered film-making in the west of Ireland and has had a string of programmes broadcast on television.

"It's an uphill struggle running your own business, but this type of recognition makes it all worthwhile," said Sonia.

Among the critically-received programmes and films made by Sonia was *I gCillín an Bháis* about the H-Block hunger strike. With its roots in the Donegal Gaeltacht and offices in West Belfast, Tús Úr receives support from Ciste Craoltóireachta na Gaeilge, the Irish Language Television Broadcast Fund, and will shortly launch a cross-border training programme through Irish with funding from INTERREG.

Bárd na nGleann

Faoi cheannasaíocht Thomásí Mhic Gearailt, tá ag éirí go seoigh leis an chomhlacht bainistithe eolais, Bárd na nGleann. Le blianta beaga anuas, tá an iliomad gradam bainte amach ag gnólaíochta forásach Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh, ina measc an Deloitte Fast 50, Gradam Makeover Sage agus Gradam Chomhlacht na Blíana ó Bhardas Chorcaí.

Ach d'aimsigh an comhlacht ard-teicneolaíochta margadh i measc lucht na Gaeilge lena suímh idirlín www.litriocht.com ("gach leabhar Gaeilge i gcló") agus www.gaeltalk.net a chuireann cursaí Gaeilge ar fáil d'fhoghlaimeoiri.

Is mó le Tomás traidisiún na Gaeilge sa comhlacht agus ní bheadh aon liosta de Bharr-50 Gnó le Gaeilge críochnúil gan é.

The Bárd na nGleann group is an information management company headquartered in Béal Átha'n Ghaorthaidh

(Ballingeary), Co Cork, which was ranked number five in the prestigious Deloitte Fast 50 last year.

Led by CEO Tom FitzGerald, Bárd specialises in technical writing projects and in translation services while also providing unique training courses in Irish and hosting the popular website for Irish literature, www.litriocht.com.

Tom FitzGerald, himself a native speaker of Irish, attributes the success of Bárd to solid international networking to keep pace with the global market and a team of excellent employees "who show a level of work and professionalism that is equal to any in the world".

The company's Irish language businesses have been a success but Tom says the entire company is rooted in An Ghaeilge. "I don't think we would have been nearly as successful if we didn't have the underlying desire to build jobs that support the Irish language and culture around us."

Cumarsáid Creative

Ag ceiliúradh 10 mbliana
clerí fhágairíochta as Gaeilge
Celebrating a decade
of advertising Irish...

www.c-celt.com

Is é sainréimse Cumarsáid Creative an Ghaeilge, a raon margaidh, agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an margadh dátheangach seo.

We are fluent in Irish, English, Advertising, Graphic Design, Marketing, PR, creative thinking, problem solving, project management, the Official Languages Act 2003, and striking a balance bilingual. Our portfolio of bilingual design and TV advertising can now be viewed on our website.

CUMARSÁID CREATIVE +353 1 473 7900 info@c-celt.com www.c-celt.com



An Ceathrú Póilí

Ag túis na 80í a bunaíodh an siopa leabhar Gaeilge, An Ceathrú Póilí, agus ó shin i leith, tá sé ag riar ar phobal léitheoireachta na Gaeilge ó láithreacha éagsúla i mBéal Feirste. Cineál órmóis líteartha an t-ainm, An Ceathrú Póilí (The Fourth Policeman), do leabhar Flann O'Brien, The Third Policeman. Anois, tá An Ceathrú Póilí ionnaithe i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich

agus is áis iontach í do phobal na Gaeilge agus don phobal níos leithne. Níl leabhar ná dlúthdhiosca Gaeilge seolta go dtí go bhfuil sé seolta in An Ceathrú Póilí.

Áine Nic Gearailt (thuas) agus cairde léi a thionscaínn an siopa an chéad lá riamh agus tá sé imithe ó neart go neart ó shin, forbairt chomhthreomhar leis an dul chun cinn atá déanta ar thionscal foilsitheoirleachta na Gaeilge.

At the beginning of the 1980s, the Irish language bookshop, An Ceathrú Póilí, was established by Áine Nic Gearailt (above) and friends. The shop, named in homage to Flann O'Brien's classic, 'The Third Policeman', has since provided an invaluable resource for the Irish reading public from various venues in Belfast.

Now located in the Falls Road Cultúrlann, An Ceathrú Póilí is a

literary oasis with a busy programme of book launches and readings further enticing people to enjoy new books as Gaeilge. The shop also carries a wide range of CDs, crafts and other products.

Without bookshops such as An Ceathrú Póilí, it's hard to see how the Irish language publishing industry would have prospered as it has with more and more books as Gaeilge being read, year after year.

Bácús Úí Bhaoill

N uair a bhunaigh Seán Ó Baoill (thíos) ó Bhaile na Finne, i nGaeiltacht Láir Dhún na nGall, Bácús Úí Bhaoill, in éimeacht lena dheartháir agus a dheirfiúr, ní raibh ceist ar bith ann ach gur i nGaeilge a dhéanfaí an mhargaiocht.

Sa bhliain 1983 a bunáodh an comhlacht agus an Ghaeilge chun tosaigh ón chéad lá riamh.

Dar le Seán go raibh níos mó buntáistí leis an Ghaeilge mar uirlis mhargaiochta ná mar a bhí míbhuntáistí.


"Chuir muid ainm Gaeilge orainn féin sa chéad dul síos mar gur comhlacht Gaeltachta muid," arsa Seán, "agus fiú agus muid ag dul amach ag díol ár gcuid táirgí taobh amuigh den Chaeiltacht, léiritéar spéis san ainm, spéis nach mbeadh ann dá mbeadh sé i mBéalá."

Tá an comhlacht ag dul ó nearto go neart agus 20 duine fostaithe go lánaimseartha ann, agus go leor leor eile fostaithe go páirtaimseartha, ag tiomáint a gcuid táirgí chomh fada siar le Comamara agus chomh fada síos le Luimneach. Chaith Seán tréimhse ina chomhalta tofa de chuid Údarás na Gaeltachta ach ó chaill sé a shuiochán i 2005, tá sé ar ais go lánaimseartha i mbun an Bhácais agus pleannanna forbartha á gcoiriú aige an t-am ar fad.

When Seán Ó Baoill (below), politician and businessman from the Gaeltacht Láir in Donegal, established his family bakery in 1983, he recognised the advantages of marketing in Irish.

"We opted for an Irish name because we were a Gaeltacht company but even outside the Gaeltacht, there was additional interest in our products because the labelling was in Irish," he says.

Having earned itself the monicker of "the Irish bakery" due to its use of Irish, Bácús Úí Bhaoill now employs 20 people and places its breads and cakes across the country.



An Spailpín Fánach

A on duine nár thug cuairt ar An Spailpín Fánach, an siopa t-léinte Gaeilge is ceardaíochta ar an Spidéal, nil a fheisteas éadaigh ionlán go foill.

"Ní bheidh mo leithéid ann arís", "Is mise mé feín, cé tusa?", "Buachaill Dána/Cailín Dána" - iad sin cuid de na manaf atá greanta ar na léinte faiseanta a bhíonn á gcaitheamh ag cainteoirí líofa - agus iad siúd ar chúpla focal - ar fud an domhain.

Tá an gnó, atá suite cois fharraige i gCéardlann an Spidéil, tar éis fás go mór ón am a mbíodh a bhunaitheoir, Gearóid Ó Murchú, ag gabháil timpeall na gColáistí Samhraidiú ag díol a chuid saothair as cúl seanveain. Ach rud amháin nach n-athraíonn ná go bhfuil an Ghaeilge á cur i láthair ag Gearóid ar bhealach thar a bheith tarraingteach.

Ar an suíomh idirlín dátheangach - www.spailpin.com - is féidir orduithe a chur isteach ó cibé áit ina bhfuil tú le haghaidh cibé earrá ó réimse leathan atá le feiceáil ansin.

Mar a deir Gearóid fein, "Is siopa Gaeltachta muid do phobal na Gaeilge ar fud na cruinne."

Anybody with the remotest interest in Irish who hasn't yet visited and purchased a t-shirt or a thong from An Spailpín Fánach has a wardrobe which is not complete.

An Spailpín Fánach has a base by the seashore in the craft village in An Spidéal, Co Galway but it started off as a mobile shop which its founder Gearóid Ó Murchú toured around the summer colleges selling students souvenirs from the Gaeltacht to bring home.

One thing that hasn't changed since is the stylish way in which the language is presented by Gearóid.



www.oideas-gael.com

Cúrsaí Gaeilge do Dhaolne Fásta gach leibhéal foghlama

Laethíte Saoire Gníomhaíochta

Siúl sléibhe • Damhsa • Potadóireacht

Seandálaíocht • Timpeallacht • Péintéireacht

Feadóig • Bodhrán • Cláirseach

Bileog 2006 ar fáil 6

OIDEAS GAEL

Gleann Cholm Cille

Co Dhún na nGall

Fón: 074 973 0248 Faics: 074 973 0348

oideasgael@elroom.net

Caifé Úna

Le fás an iltíreachais i mBaile Átha Cliath le teacht an Tíogair Cheiltigh, tá iarrachtaí déanta ag roinnt fiontraithe 'cultúr an chaifé' a Ghaelú, agus cúpla cent a thuileadh ag an am céanna. Ceann acu siúd ná Úna Nic Gabhann (ar dheis), bean óg as Leitir Ceanainn ó dhúchás atá anois ina húinéir agus ina bainisteoir ar Chaifé Úna ar Shráid Chill Dara. Tá an caifé ionnaithe thíos staighre ó oifigi Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge i lárdeisceart na príomhchathrach agus tá clú nach beag bainte amach aige mar ionad Gaelach agus mar bhialann den scoth.

Tá an caifé ar oscailt le bliain anuas agus tá Úna tagtha ar an tuiscint go bhfuil buntáistí agus mibhuntáistí ag baint leis an Ghaeilge i dtaoibh an ghnó de.

Deir sí go mbíonn sé níos deacracha foireann le Gaeilge a fháil ach uair amháin a bhfuil siad agat, go mbíonn siad níos dílse.


Chomh maith leis sin, cuireann an teanga leis an atmaisféar pearsanta atá á lorg aici don chaifé.

With the growth of cosmopolitanism in Dublin since the arrival of the Celtic Tiger, a number of entrepreneurs have made attempts to Gaelicise café culture, and to make a few cents into the bargain.

One of those is Úna Nic Gabhann (right), a young woman from Letterkenny who is now the owner and manager of Caifé Úna in Kildare Street.

The café is located downstairs from the offices of Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge in the south inner city and has earned quite a reputation as a first class eatery and Irish language centre.

The café has been open for a year now and Úna has come to realise that Irish has its advantages and disadvantages from a business perspective. She says that it is harder to find employees who speak Irish but once you have them they are more loyal. The language also encourages the personal atmosphere which Úna is looking for in her café.



Cúrsa Fiontair

Bunaíodh FIONTAR i 1993 in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun cláir idirdhisciplíneacha a forbairt agus a sheachadadh trí mheán na Gaeilge. Ba é sin an chéad oícaid a táirgeadh bunchéim go hiomlán trí Ghaeilge in aon Ollscoil seachas céim i ngnéithe a bhain leis an nGaeilge í féin. Go dtí sin is ar theagasc na litriochta agus na teanga a bhí an bhéim.

Is é an aidhm a bhí leis an gcéim nua scileanna, go háirthe scileanna airgeadais agus ríomhaireachta a sholáthar agus ag an am céanna bém a leagan ar fhéiniúlacht náisiúnta na nÉireann sa chomhthéacs Eorpach.

Is é Peadar Ó Flatharta Stiúrthóir FIONTAR. Tá dhá bhunchéim agus dhá iarchéim faoi chúram FIONTAR faoi láthair.

The DCU programme Fiontar, established in 1993, is seen as the spur to much entrepreneurial activity in the Irish language community over the past decade and more.

The brainchild of Fionnbarra Ó Brocháin, the two graduate and post-graduate courses bring together young people interested in learning business, IT and entrepreneurial skills through the medium of Irish.

Fiontar Director Peadar Ó Flatharta believes the graduates of Fiontar will be the leaders of the emerging Ireland: multilingual, competent and ambitious with the confidence to establish or manage businesses.



Gael Media

Má tá duine ar bith ar feidir ceannródaí a thabhairt air ó thaobh earnáil na teilifise Gaeilge, is é sin Christy King (ar dheis), bunaitheoir agus príomhfeidhmeannach Gael Media. Tar éis dó seal a chaitheamh ag Údarás na Gaeltachta mar bhaisteoir sinsearach, bhunaigh sé an comhlacht seo ag túis na 90í agus thosaigh sé ag léiríú scannání i Gaeilge i dtéantán Bob Quinn. Mheall scannání ar nós Pobal 1 Meiriceá agus Pobal 1 Londain go leor molta nuair a craoladh iad.

An aithne is fearr atá ar Gael Mediaanois, áfach, baineann sé le cláir ar nós Now You're Talking agus Turas Teanga a chuidigh - agus a chuidíonn - le daóine an teangea a fhoghlaim nó barr snas a chur ar an chíúplá focal atá acu.

Ní hamháin go raibh leithéid Now You're Talking le feiceáil ar an dtéilihís ach bhí leabhair, caiséidí agus eile ag gabhláil leis. Comhléirítheoir i dTuras Teanga, an tsraith is déanaí at a thug faoin obair seo, a bhí i nGael Media agus tá TT ar fáil ar an idirlín agus ar DVD fostá.

An rud is déanaí atá idir laimhe ag Gael Media ná "Now You're Talking Mobile".

"An tsofaocht atá agam ná an Ghaeilge a chur i láthair an phobail ar an oiread bealaí agus is féidir - táim cinnte go bhfuil margadh ann di ach an

dúshlán atá romhainn ná an bealach a aimsiú leis an mhargadh sin a shroicheadh," dúirt Christy.


If there's anyone that could be called a pioneer in the blossoming Irish medium TV sector, it's Christy King (right), the founder and chief executive of Gael Media, the Galway-based production company.

After spending some time at Údarás na Gaeltachta where he was a senior manager, he founded Gael Media at the beginning of the 90s and was quick to win critical acclaim with programmes such as Pobal i Meirceá and Pobal i Londain, which were directed by legendary filmmaker, Bob Quinn. Since then Gael Media has cemented its position as one of the leading Irish language production companies with series such as Now You're Talking, aimed at learners of Irish, and a co-production role in Turas Teanga, the latest RTÉ series focused on helping people get a better grasp of An Ghaeilge.

The latest innovation being pioneered by Christy King is "Now You're Talking Mobile", using mobile phone technology to deliver Irish language classes.

"Our priority is to put the Irish language on the market in as many ways as possible - the challenge which we have to overcome is how to reach that market," said Christy.



McGEE GROUP	
LETTERKENNY	
 Clarke Hotel	 The Clarke Hotel is a modern hotel located in the heart of Letterkenny. It offers comfortable rooms and a range of facilities including a restaurant, bar, and conference facilities.
 The Dry Arch Complex	 The Dry Arch Complex is a modern development in Letterkenny featuring a range of facilities including a hotel, restaurants, and retail units.
 SISTER SARA'S SUPERPUB	 Sister Sara's Superpub is a popular pub in Letterkenny known for its friendly atmosphere and great food.
 MILAN NIGHTCLUB	 Milan is a vibrant nightclub in Letterkenny featuring a dance floor, bar, and a range of entertainment options.
 the wolfe tone	 The Wolfe Tone is a traditional Irish pub in Letterkenny serving up great food and drink.
 GALLAGHERS HOTEL	 Gallaghers Hotel is a modern hotel in Letterkenny offering comfortable rooms and a range of facilities.

Conall Ó Mórán

Is fear gnó agus craoltóir as Baile Átha Cliath é Conall Ó Mórán (ar dheis), bunaitheoir agus Bainisteoir Stiúrtha The Media Group. Bhain Conall céim sa ghnó amach in UCD ag deireadh na 1970í agus nuair a bhí sé ar an ollscoil, d'oiribh sé le Bord na Gaeilge agus ba é Uachtaráin Chumann na Mac Léinn é.

Ina dhiaidh sin, chaith sé am ag obair mar eagarthóir náisiúnta le Gaelscoileanna agus mar iriseoir, láithreoir agus comhfheagraí gnó le RTÉ.

D'fhág sé na meáin i 1987 chun oibriú mar stocbhróicír agus stiúrthoir le Riada Stockbrokers.

I 1995, chuaigh sé ag obair le Slattery PR mar Stiúrthóir Cumarsáidi Corparáidí agus i 2001, bhunaigh sé a chomhlacht féin, The Media Group.

Soláthraóna an comhlacht seirbhísí caidrimh phoiblí agus tá dhá fhiontar gnó eile ar bun acu freisin, an comhlacht léirithe teilifise, Esras Films, agus an comhlacht aistriúcháin, Sanas Translation.

Déanann an Media Group bainistiú ar phearsana aitheanta sna meáin, leithéidí Matt Cooper agus Leo Enright, agus láithróinn Conall é féin an Sunday Business Show ar Today FM.

Conall Ó Mórán (right) is an entrepreneur and broadcaster from Dublin who is the founder and Managing Director of The Media Group.

Conall completed a business degree in UCD in the late 70s and while in university he worked with Bord na Gaeilge and was President of the Students Union.

He later worked as national organiser for Gaelscoileanna, and as a journalist, presenter and business correspondent with RTÉ.

He left the media in 1987 to work as a stockbroker and director with Riada Stockbrokers.

In 1995, he went to work with Slattery PR as Director of Corporate Communications and in 2001, he founded his own company, The Media Group.

The company provides PR services and it also has two other business ventures, television production company, Esras Film, and translation company, Sanas.

The Media Group also manages some well-known broadcasters such as Matt Cooper and Leo Enright and Conall himself presents the Sunday Business Show on Today FM.



Murnane & O'Shea

Idtionscal tógála an lae inniu in Éirinn, tá síl amháin inar féidir le forbróiri a háit chuá a thabhairt don Ghaeilge — tré ainnm Gaelach a thabairt ar fhobairtí nua. Tá sin déanta go minic ag an chomhlacht tógála as Corcaigh, Murnane & O'Shea Ltd, agus spreag a cheangal don teanga moladh mór ón eagraíocht Mhuimhneach Gael Taca.

Le leithchéad bliain anuas tá clú agus cáil bainte amach dó féin ag Murnane & O'Shea as feabhas a chuid oibre ach le tamall de bhlianta anuas is ainmneacha Gaeilge atá á mbáisteadh ar éastáit nua titheachta ag an chomhlacht: Gleann Caoin, Cois Riasc agus Ard na Laoi ina measc.

"Ní cinneadh polasaí a bhí ann," arsa duine de na stiúrthóirí Andrew Moore, "ach ba mhian linn

